C/2025/2238

15.4.2025

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoraíocht maidir leis na gnéithe téimh agus fuaraithe in Airteagail 15a agus 22a agus Airteagail 23 agus 24 de Threoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn arna leasú le Treoir (AE) 2023/2413

(C/2025/2238)

Clár

Leathanach

1. Réamhrá 2
2. Sainmhíniú ar dhramhtheas agus ar dhramhfhuacht sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite 4
3. Cuntas a thabhairt ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in Airteagal 23 5
   - 3.1. Forléargas ginearálta ar Airteagal 23 5
   - 3.2. Eilimintí nua d'Airteagal 23 5
   - 3.3. Meánmhéadú bliantúil 6
   - 3.4. Solúbthachtaí maidir le dramhtheas agus dramhfhuacht agus leictreachas in-athnuaite 8
4. Cuntas a thabhairt ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in Airteagal 24 10
   - 4.1. Forléargas ginearálta ar Airteagal 24 10
   - 4.2. Eilimintí nua d'Airteagal 24 11
   - 4.3. Meánmhéadú bliantúil táscach 11
5. Cuntas a thabhairt ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in Airteagal 15a 13
   - 5.1. Forléargas ginearálta ar Airteagal 15a 13
   - 5.2. Sciar náisiúnta táscach 13
   - 5.3. Raon feidhme na sprice 14
   - 5.4. Solúbthacht maidir le dramhtheas agus dramhfhuacht 14
6. Cuntas a thabhairt ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in Airteagal 22a 15
   - 6.1. Forléargas ginearálta ar Airteagal 22a 15
   - 6.2. Sciar náisiúnta táscach 15
   - 6.3. Solúbthacht maidir le dramhtheas agus dramhfhuacht 15

Annex A 16

Annex B 18

Annex C 19

Annex D 20

1. **Réamhrá**

Tháinig Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), i bhfeidhm an 20 Samhain 2023, lenar tugadh isteach athruithe ar an gcreat reachtach lena rialaítear fuinneamh in-athnuaite go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Tagraítear sa treoraíocht seo, do Threoir 2018 maidir le Fuinneamh In-athnuaite mar REDII, agus don Treoir leasaithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite mar RED athbhreithnithe, nó Treoir athbhreithnithe.

Tá an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite ina bhunchloch den Chomhaontú Glas don Eoraip agus de straitéisí REPowerEU, chun uaillmhian an Aontais a bhaint amach chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun spleáchas fuinnimh an Aontais ar an Rúis a laghdú. Le RED athbhreithnithe, méadaítear leibhéal na huaillmhéine maidir le fuinneamh in-athnuaite go suntasach, ní hamháin trí sprioc cheangailteach an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite a mhéadú, ar gá í a bhaint amach i dteannta a chéile faoi 2030, ó 32 % go 42,5 % (agus é ina aidhm aige 45 % a bhaint amach), ach freisin trí na fospriocanna maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh atá le baint amach in earnálacha éagsúla a chur leis agus a neartú, lena n-áirítear earnáil an téimh agus an fhuaraithe.

Is iad téamh agus fuarú is cúis le thart ar leath den tomhaltas fuinnimh san Aontas. Tháinig méadú níos moille ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil sin ná mar a tháinig ar ghiniúint leictreachais, agus is ó bhithmhais a thagann an chuid is mó de fós.

Chun dlús a chur le dícharbónú an téimh agus an fhuaraithe, neartaíodh leis an Treoir athbhreithnithe na forálacha atá ann cheana chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn in earnálacha an téimh agus an fhuaraithe agus in earnálacha an téimh agus an fhuaraithe ceantair (Airteagail 23 agus 24, faoi seach) trí oibleagáidí agus bearta nua a thabhairt isteach. Leis an Treoir athbhreithnithe, tugadh isteach dhá fhoráil nua freisin chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a chothú in earnáil na bhfoirgneamh agus in earnáil na tionsclaíochta (Airteagail 15a agus 22a nua, faoi seach), a bhfuil dlúthbhaint ag an dá cheann acu leis na forálacha maidir le téamh agus fuarú.

Le Table 1 tugtar forléargas ginearálta ar an gcaoi a ndéantar na spriocanna éagsúla a bhaineann le téamh agus fuarú a struchtúrú. Tá sé d'aidhm ag an Teachtaireacht seo cur chun feidhme na n-oibleagáidí agus na mbeart nua atá sna forálacha sin a éascú trí shoiléirithe a sholáthar go háirithe maidir le raon feidhme, struchtúr agus cuntasaíocht na spriocanna dá dtagraítear in Airteagail 15a, 22a, 23 agus 24 den Treoir athbhreithnithe, agus an sainmhíniú ar 'dhramhtheas agus dramhfhuacht' atá in Airteagal 2(9). Baineann roinnt oibleagáidí le ceanglais tuairiscithe nua maidir le staidreamh fuinnimh. Cé gurb í 2025 an chéad bhliain tagartha le haghaidh tuairisciú oifigiúil in SHARES bunaithe ar RED athbhreithnithe, féadfaidh na Ballstáit an dréachtleagan den uirlis SHARES nuashonraithe a úsáid cheana féin chun an ríomh sin a dhéanamh i bhfad roimh an 21 Bealtaine 2025, dáta trasuite RED athbhreithnithe. Tuilleadh eolais faoi seo i mBosca 1.

Is mar threoirdhoiciméad amháin atá an Teachtaireacht seo beartaithe chun críocha RED athbhreithnithe a thrasuí agus a chur chun feidhme. Ní chuirtear léirmhíniú ar fáil leis i gcomhthéacs gníomhartha dlíthiúla eile.

Níl feidhm dhlíthiúil ach ag téacs reachtaíocht an Aontais Eorpaigh féin. Ní mór aon léamh údarásach ar an dlí a dhíorthú ó théacs na Treorach agus go díreach ó chinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Tábla 1

Forléargas ginearálta ar na spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaineann le téamh agus fuarú i RED athbhreithnithe

Airteagal	15a	22a	23	24
Earnáil	Foirgnimh	Lucht tionscail	Téamh agus fuarú	Téamh agus fuarú ceantair
Cineál sprice	Sciar náisiúnta táscach atá le cinneadh ag na Ballstáit	Meánmhéadú bliantúil táscach	Meánmhéadú bliantúil	Meánmhéadú bliantúil táscach

([1]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

([2]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

Airteagal	15a	22a	23	24
Sprioctheimhse	In 2030	2021 go 2025 agus 2026 go 2030 i gcomparáid le 2020	2021 go 2025 agus 2026 go 2030 i gcomparáid le 2020	2021 go 2030 i gcomparáid le 2020
An spriocleibhéal	I gcomhréir le 49 % ar leibhéal an Aontais	1,6 pointe céatadáin	0,8 pointe céatadáin agus 1,1 pointe céatadáin + Breisiú táscach	2,2 pointe céatadáin
Cineál fuinnimh	Fuinneamh in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair + Fuinneamh in-athnuaite a tháirgtear in aice láimhe + Fuinneamh in-athnuaite a thógtar ón eangach	Fuinneamh in-athnuaite	Fuinneamh in-athnuaite	Fuinneamh in-athnuaite + Dramhtheas agus dramhfhuacht
Cineál tomhaltais	Fuinneamh deiridh	Fuinneamh deiridh agus neamhfhuinneamh	Ollfhuinneamh deiridh	Ollfhuinneamh deiridh
Solúbthacht	Dramhtheas agus dramhfhuacht	Dramhtheas agus dramhfhuacht ó théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil	Dramhtheas agus dramhfhuacht + Leictreachas in-athnuaite ó ghineadóir teasa agus fuachta ag a bhfuil éifeachtúlacht > 100 %	Leictreachas in-athnuaite

Bosca 1. Ról Eurostat agus uirlis SHARES

Tuairiscítear an dul chun cinn i dtreo sprioc an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite a leagtar amach in Airteagal 3 agus na miondealuithe earnála in Airteagal 7 (maidir le leictreachas, téamh agus fuarú agus iompar) faoi uirlis SHARES arna forbairt ag Eurostat.

Ar dháta theacht i bhfeidhm RED athbhreithnithe, tá SHARES á leathnú chuig earnálacha an téimh agus an fhuaraithe ceantair, na bhfoirgneamh agus an tionscail chun sonraí comhsheasmhacha inchomparáide a sholáthar ar féidir iad a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna in Airteagail 24, 15a agus 22a faoi seach. Mar sin féin, níl na sonraí a thuairiscítear do Eurostat cuimsitheach go fóill le haghaidh gach táscaire, rud a fhágann gur gá ionadaithe a úsáid i gcásanna áirithe. Déantar cur síos air sin i ranna aonair.

Tugann an uirlis SHARES léargas ar réimse leathan táscairí is féidir a úsáid le haghaidh ceanglais éagsúla, mar shampla dramhtheas a ídítear i dtéamh agus fuarú ceantair chun críche na sprice in Airteagal 24 nó leibhéal an fhéintomhaltais i bhfoirgnimh chun críche na sprice in Airteagal 15a. Braitheann an ghráinneacht sin, áfach, ar na sonraí comhfhreagracha a bheith curtha faoi bhráid Eurostat ag na Ballstáit. Moltar dóibh, dá bhrí sin, é sin a dhéanamh ionas nach mbeidh ar Eurostat brath ar ionadaithe.

2. **Sainmhíniú ar dhramhtheas agus ar dhramhfhuacht sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite**

Sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite sainmhínítear dramhtheas agus dramhfhuacht in Airteagal 2(9) mar seo a leanas: '*teas nó fuacht dosheachanta a ghintear mar sheachtháirge i suiteálacha tionsclaíocha nó i suiteálacha giniúna cumhachta, nó san earnáil threasach, a scaipfí gan úsáid san aer nó in uisce gan rochtain ar chóras téimh nó fuaraithe ceantair, i gcás inar úsáideadh nó ina n-úsáidfear próiseas comhghiniúna nó i gcás nach mbíonn comhghiniúint indéanta*'. Cé nár modhnaíodh an sainmhíniú ar dhramhtheas agus dramhfhuacht i RED athbhreithnithe agus go rabhthas in ann dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh cheana féin sa bhreis ar fhuinneamh in-athnuaite chun na spriocanna téimh agus fuaraithe a bhaint amach, is iomchuí raon feidhme an tsainmhínithe sin a shoiléiriú chun críocha na mbeart a áirítear in Airteagail 15a, 22a, 23 agus 24 de RED athbhreithnithe. Cuirtear béim ar ról an dramhtheasa in aithris 70, ina luaitear '*is iomchuí a lamháil go ndéanfaí dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh faoi chomhair chomhlíonadh páirteach na spriocanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite i bhfoirgnimh, sa tionsclaíocht, i dtéamh agus fuarú agus faoi chomhair chomhlíonadh iomlán na spriocanna le haghaidh téamh agus fuarú ceantair*'.

Chun go measfar gur dramhtheas nó dramhfhuacht é sruth teasa nó fuachta, chun rannchuidiú le comhlíonadh spriocanna RED, ní mór na ceithre chritéar charnacha seo a leanas a chomhlíonadh:

— Ar an gcéad dul síos, ba cheart go mbeadh dramhtheas agus dramhfhuacht '*dosheachanta*'. Ciallaíonn sé sin nach féidir é a sheachaint go réasúnta (go teicniúil agus go heacnamaíoch) ná é a thomhailt go hinmheánach nó a laghdú (ag gach céim) trí fheabhsuithe teicniúla agus éifeachtúlachta fuinnimh. Mar shampla, is feabhsú éifeachtúlachta fuinnimh é an farasbarr teasa agus fuachta a athúsáidtear laistigh de ghléasra agus, dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur dramhtheas atá ann.

— Ar an dara dul síos, ba cheart giniúint dramhtheasa agus dramhfhuachta a bheith ina '*seachtháirge*'. Ciallaíonn sé sin nár cheart gurbh é príomhaidhm an phróisis an codán sonrach sin den teas agus den fhuacht a ghiniúint. Mar shampla, ní dramhtheas chun críoch chuntasaíocht RED é aschur teasa dhírigh ó phróiseas comhghiniúna, arb é is príomhchuspóir dó teas agus leictreachas a chomhtháirgeadh ([3]). Mar sin féin, d'fhéadfadh roinnt sruthanna teasa eile de phróisis chomhghiniúna, amhail teas iomarcach a bhaintear as an gcomhdhlúthadán, i gcásanna sonracha áirithe, na critéir maidir le dosheachantacht agus seachtháirge a chomhlíonadh. Agus an critéar seo á chur i bhfeidhm maidir le loscadh agus comhloscadh dramhaíola, cuirfidh na Ballstáit an cur chuige céanna i bhfeidhm. Nuair is é táirgeadh fuinnimh (teas) príomhchuspóir an phróisis loiscthe nó comhloiscthe, ní chomhlíontar an critéar seachtháirge. Chun a chinneadh an seachtháirge é an teas, féadfaidh na Ballstáit, mar shampla, tagairt a dhéanamh do chuspóir na suiteála nó don chineál ceada oibríochta a fuair an gléasra ([4]).

— Ar an tríú dul síos, ba cheart giniúint dramhtheasa agus dramhfhuachta a dhéanamh i '*suiteálacha tionsclaíocha nó giniúna cumhachta, nó san earnáil threasach*'. Ní áirítear leis sin, mar shampla, teas a ghintear trí fhuarú cónaithe.

— Ar an gceathrú dul síos, '*scaipfí an teas nó an fuacht gan úsáid... gan rochtain ar chóras téimh nó fuaraithe ceantair*'. Ciallaíonn sé sin nach mór an sruth teasa nó fuachta a sheachadadh chuig córas téimh nó fuaraithe ceantair. Ní féidir aisghabháil teasa iomarcaigh, gan rochtain ar chóras téimh nó fuaraithe ceantair, mar shampla ar an láthair nó ar fhoirgneamh aonair, a chur san áireamh chun críocha RED.

Ar deireadh, sa bhreis ar na ceithre chritéar charnacha sin, chun a mheas gur dramhtheas nó dramhfhuacht é sruth teasa nó fuachta agus go rannchuidíonn sé le comhlíonadh spriocanna RED, luaitear sa sainmhíniú ceanglas foriomlán chun 'comhghiniúint' leictreachais agus teasa araon a mheas i gcónaí sula rachfar i muinín táirgeadh teasa amháin. Chun a fháil amach an bhfuil comhghiniúint indéanta, is féidir leis na Ballstáit úsáid a bhaint as iniúchadh fuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(32) de Threoir (AE) 2023/1791 (EED) nó as Anailís Costais is Tairbhe mar a cheanglaítear le hAirteagal 26(7) de EED.

Tagraítear sa chuid seo den sainmhíniú do thrí chás: '*i gcás inar úsáideadh nó ina n-úsáidfear próiseas comhghiniúna nó i gcás nach bhfuil comhghiniúint indéanta*'. Tagraítear sa chéad chás do dhramhtheas mar aschur comhghiniúna (seachtháirge dosheachanta). Tagraítear sa dara cás do dhramhtheas mar ionchur i bpróiseas comhghiniúna – i gcás den sórt sin, ní fhéadfar an sruth teasa dramhaíola a chur san áireamh ach aon uair amháin, roimh an bpróiseas comhghiniúna nó ina dhiaidh (ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir go léir mar a leagtar amach thuas). Tagraítear sa tríú cás do chásanna ina meastar nach bhfuil comhghiniúint indéanta.

([3]) Sainmhínítear é sin mar 'theas úsáideach' in Airteagal 2(38) de EED.

([4]) Cumhdaítear loscadh dramhaíola agus comhloscadh dramhaíola leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED) agus leis na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh loscadh dramhaíola, nuair a liostaítear an ghníomhaíocht in Iarscríbhinn I IED. Áirítear go háirithe sna tagairtí sonracha a fhéadfar a úsáid chun a chinneadh an gcáilíonn teas mar sheachtháirge na sainmhínithe ar ghléasraí loiscthe agus comhloiscthe dramhaíola sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus sa Treoir Réime Dramhaíola.

Liostaítear roinnt samplaí i Annex A de na rudaí a d'fhéadfadh a bheith incháilithe mar dhramhtheas agus na rudaí nach bhféadfadh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh dramhtheas agus dramhfhuacht rannchuidiú mar sholúbthacht i RED athbhreithnithe chun na spriocanna fuinnimh in-athnuaite in Airteagail 15a, 22a, 23 agus 24 a chomhlíonadh, gan dídhreasú a dhéanamh ar chur chun cinn foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Is é is aidhm don treoraíocht seo soiléireacht a sholáthar maidir leis an sainmhíniú ar dhramhtheas agus ar dhramhfhuacht go sonrach agus chun críche trasuí agus cur chun feidhme aonfhoirmeach RED athbhreithnithe a áirithiú ar fud na mBallstát uile. Cuirfidh sé sin deimhneacht dhlíthiúil ar fáil freisin do na hearnálacha tionscail, cumhachta agus treasacha maidir leis an méid a fhéadfar a chur san áireamh mar dhramhtheas agus dramhfhuacht chun críocha RED athbhreithnithe. Leis an treoraíocht seo, léirítear na forálacha ábhartha i gcomhthéacs RED. Ní chuirtear léirmhíniú ar fáil leis i gcomhthéacs gníomhartha dlíthiúla eile.

Tá an treoraíocht seo ina forbairt ar Thuarascáil Theicniúil an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde maidir le *Dramhtheas agus dramhfhuacht a shainiú agus cuntas a thabhairt ina leith* ([5]). Chun eolas cúlra breise agus mínithe teicniúla a fháil, fill ar an tuarascáil.

3. **Cuntas a thabhairt ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in Airteagal 23**

3.1. *Forléargas ginearálta ar Airteagal 23*

Áirítear in Airteagal 23 de RED athbhreithnithe na hoibleagáidí agus na bearta seo a leanas:

— Leagtar síos i míreanna 1, 1a agus 1b spriocanna fuinnimh in-athnuaite atá le baint amach in earnáil an téimh agus an fhuaraithe faoi 2030 (roinnte in dhá thréimhse) i dtéarmaí olltomhaltas deiridh fuinnimh. Ina theannta sin, luaitear iontu conas is féidir dramhtheas agus dramhfhuacht a chur san áireamh i leith na spriocanna sin. Léirítear iontu freisin conas is féidir leictreachas in-athnuaite a chur san áireamh i dtreo na spriocanna, ar choinníoll go n-úsáidtear é in aonaid ag a bhfuil éifeachtúlacht is mó ná 100 % (e.g., teaschaidéil). Cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit leo freisin measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht fuinneamh in-athnuaite agus dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáid ina n-earnáil téimh agus fuaraithe.

— Le mír 2 cuirtear solúbthacht ar fáil do na Ballstáit a bhaineann leibhéil shuntasacha fuinnimh in-athnuaite amach ina n-earnáil téimh agus fuaraithe. Go háirithe, leagtar síos ann leibhéil tairsí shonracha d'fhuinneamh in-athnuaite a chuireann ar chumas na mBallstát an sprioc a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh (go hiomlán nó i bpáirt). Tugtar saoirse ann maidir leis na modhanna a roghnaítear a ghlacadh chun fuinneamh in-athnuaite a imscaradh i limistéir ina bhfuil bacainní struchtúracha ag eascairt as sciartha arda gáis nádúrtha nó fuaraithe nó as dlús íseal daonra. Thairis sin, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a nochtadh an leor a mbearta roghnaithe chun a sprioc a bhaint amach. Cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit leis freisin faisnéis a chur ar fáil maidir le bearta agus ionstraimí airgeadais chun feabhas a chur ar fhuinneamh in-athnuaite i gcórais téimh agus fuaraithe trí uirlisí inrochtana agus trédhearcacha.

— Luaitear i mír 3 go bhféadfaidh na Ballstáit liosta beart a phoibliú agus go bhféadfaidh siad na heintitis cur chun feidhme a d'fhéadfadh rannchuidiú leis an sprioc a leagtar amach i mír 1 a ainmniú agus a phoibliú. Mínítear i míreanna 5 agus 6 conas a d'fhéadfaí na bearta sin a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu agus cé na sonraí nach mór do na heintitis cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith cruthaithe ag na Ballstáit a thuairisciú.

— Ar deireadh, soláthraítear i mír 4 liosta beart, nach mór do na Ballstáit féachaint le dhá cheann díobh ar a laghad a chur chun feidhme, ar bearta iad ar féidir leo rannchuidiú leis an sprioc a leagtar síos i mír 1. Ní mór rochtain a bheith ag gach tomhaltóir ar na bearta a roghnófar.

3.2. *Eilimintí nua d'Airteagal 23*

Áirítear i RED athbhreithnithe na modhnuithe tábhachtacha seo a leanas chun Airteagal 23 a neartú:

— Tá an phríomhchuid den sprioc téimh agus fuaraithe (i.e., an meánmhéadú bliantúil ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe thar dhá thréimhse) sainordaitheach anois.

— Ina theannta sin, ceanglaítear anois le mír 1 ar na Ballstáit iarracht a dhéanamh a meán bliantúil a mhéadú de mhéid breise a thuairiscítear in Iarscríbhinn Ia le haghaidh gach Ballstát. Bheadh meánmhéadú bliantúil 1,8 pointe céatadáin thar an dá thréimhse mar thoradh ar chomhlíonadh na mbreisithe sin.

([5]) Stóras Foilseachán JRC - Defining and accounting for waste heat and cold (europa.eu) [Dramhtheas agus dramhfhuacht a shainiú agus cuntas a thabhairt ina leith].

— Ní mór sciar an fhuinnimh in-athnuaite a shloinneadh anois i dtéarmaí olltomhaltais deiridh fuinnimh seachas i dtéarmaí tomhaltais deiridh fuinnimh. Ní athrófar leis sin, áfach, aon cheanglais tuairiscithe ar na Ballstáit ós rud é go luaitear i REDII agus i RED athbhreithnithe an oibleagáid chun an sciar a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 7, nár athraíodh agus lena gceanglaítear an sciar a ríomh i dtéarmaí olltomhaltais deiridh fuinnimh. Dá bhrí sin, ceartaíodh an neamhréir i REDII, idir tomhaltas fuinnimh deiridh agus an ríomh i gcomhréir le hAirteagal 7 (a bhaineann le holltomhaltas deiridh fuinnimh).

— Tá an tsolúbthacht chun dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh sa mheánmhéadú bliantúil tar éis éirí níos sriantaí (i.e. ceadaítear céatadán níos lú), ach féadfar leictreachas in-athnuaite a úsáidtear le haghaidh téimh agus fuaraithe a áireamh go páirteach anois sa mheánmhéadú bliantúil.

— Ceanglaítear ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht fuinneamh in-athnuaite agus dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáid ina n-earnáil téimh agus fuaraithe ([6]). Le RED athbhreithnithe, tugtar isteach ceanglais bhreise maidir le hábhar an mheasúnaithe sin.

— Leathnaíodh an liosta roghanna chun a áirithiú go mbainfear amach an meánmhéadú bliantúil agus ceanglaítear ar na Ballstáit anois féachaint le dhá cheann ar a laghad de na roghanna sin a chur chun feidhme.

3.3. *Meánmhéadú bliantúil*

Le hAirteagal 23(1) de RED athbhreithnithe, tugtar isteach an oibleagáid sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe a mhéadú, rud nach raibh ach deonach faoi REDII.

Ceanglaítear ar na Ballstáit sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe a mhéadú mar seo a leanas: i gcás na mblianta ó 2021 go 2025, 0,8 pointe céatadáin ar an meán in aghaidh na bliana agus 1,1 pointe céatadáin in aghaidh na bliana i gcás na mblianta ó 2026 go 2030. Chun an méadú sin a ríomh, ní mór do na Ballstáit úsáid a bhaint as an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 7 agus ní mór dóibh a sciar d'fhuinneamh in-athnuaite i dtéamh agus i bhfuarú in 2020, mar a thuairiscítear i staidreamh an Aontais Eorpaigh do Eurostat, a ghlacadh mar fhigiúr bonnlíne ([7]).

Fíoraítear comhlíonadh na hoibleagáide sin in dhá thráth: (i) tar éis staidreamh le haghaidh 2025 a bheith ar fáil, nuair nach mór do na Ballstáit meánmhéadú bliantúil 0,8 pointe céatadáin ar a laghad a bheith bainte amach acu ar an sciar fuinnimh in-athnuaite san earnáil sin don chéad tréimhse (2021 go 2025) agus (ii) tar éis staidreamh le haghaidh 2030 a bheith ar fáil, nuair nach mór do na Ballstáit meánmhéadú bliantúil 1,1 pointe céatadáin a bheith bainte amach acu don tréimhse 2026-2030. Ciallaíonn sé sin go gceadaítear dóibh aon mhéadú bliain ar bhliain a bhaint amach, fad is go gcomhlíontar an meánmhéadú bliantúil thar gach ceann den dá thréimhse iomlána.

Agus sampla á thabhairt do Bhallstát a raibh sciar 40 % d'fhuinneamh in-athnuaite aige in earnáil an téimh agus an fhuaraithe in 2020, ní mór an toradh seo a leanas a bhaint amach: ba cheart an sciar fuinnimh in-athnuaite in 2025 a bheith 4 phointe céatadáin ar a laghad níos airde ná mar a bhí in 2020 (5 × 0,8) agus in 2030 ba cheart go mbeadh sé 9,5 pointe céatadáin ar a laghad níos airde ná mar a bhí in 2020 (4 + 5 × 1,1). Tugtar sampla uimhriúil i Table 2.

Tábla 2

Sampla de na sciartha d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh as sin atá le baint amach in 2025 agus 2030

Méadú bliantúil		0,8 %	0,8 %	0,8 %	0,8 %	0,8 %	1,1 %	1,1 %	1,1 %	1,1 %	1,1 %
Bliain	2020	2021	2022	2023	2024	**2025**	2026	2027	2028	2029	**2030**
Sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite	40,0 %	40,8 %	41,6 %	42,4 %	43,2 %	**44 %**	45,1 %	46,2 %	47,3 %	48,4 %	**49,5 %**

([6]) Aistríodh an ceanglas sin ó Airteagal 15(7) i REDII go hAirteagal 23(1b) i RED athbhreithnithe.

([7]) Tá na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise níos déine anois i RED athbhreithnithe. Leis na critéir nua sin, cruthaítear luachanna níos ísle le haghaidh sciartha d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i roinnt Ballstát. In 2020, áfach, bhí REDI i bhfeidhm agus ní raibh na critéir níos déine sin i gceist leis. Mar thoradh air sin, ba cheart na sciartha in-athnuaite arna ríomh faoi REDI a úsáid.

Le hAirteagal 23(2) soláthraítear solúbthacht do na Ballstáit a bhaineann leibhéil shuntasacha fuinnimh in-athnuaite amach ina n-earnáil téimh agus fuaraithe. Ní dhearnadh aon mhodhnú ar an tsolúbthacht sin le RED athbhreithnithe.

Más rud é, i mbliain áirithe, go sroicheann sciar an fhuinnimh in-athnuaite de chuid Ballstát in earnáil an téimh agus an fhuaraithe leibhéal idir 50 % agus 60 %, ansin déantar an meánmhéadú bliantúil is gá do na blianta atá le teacht a ísliú faoina leath. Dá bhrí sin, bheadh an meánmhéadú bliantúil 0,4 pointe céatadáin ar a laghad in aon bhliain den tréimhse 2021 go 2025 (0,8/2) agus 0,55 pointe céatadáin in aon bhliain den tréimhse 2026 go 2030 (1,1/2). Más rud é, i mbliain áirithe, go mbaintear amach an luach tairsí comhlíonta 60 % agus go gcoinnítear os cionn na tairsí sin é, ansin déantar an ceanglas maidir le meán-mhéadú bliantúil don chéad bhliain eile a ísliú go nialas. Léirítear é sin i mBosca 2 le roinnt samplaí.

Bosca 2. Samplaí de mhéaduithe bliantúla le pointí tosaigh éagsúla in 2020, dul chun cinn le linn na dtréimhsí 2021 go 2025 agus 2026 go 2030 agus sciartha d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú is gá in 2025 agus 2030.

1. Ní mór do Bhallstát ag a bhfuil sciar 20 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú in 2020 sciar 24 % ar a laghad a bhaint amach in 2025 (20 + 5 * 0,8) agus sciar 29,5 % ar a laghad in 2030 (24 + 5 * 1,1).

2. Ní mór do Bhallstát ag a bhfuil sciar 48 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú in 2020 a shroichfidh 50 % in 2023 sciar 51,2 % ar a laghad a bhaint amach in 2025 (méadú bliantúil iomlán sna blianta go dtí 2023, agus ansin leathmhéadú bliantúil: 48 + 3 * 0,8 + 2 * 0,4) agus 53,95 % ar a laghad in 2030 (méadú leathbhliantúil thar an dara tréimhse: 51,2 + 5 * 0,55).

3. Ní mór do Bhallstát ag a bhfuil sciar 48 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú in 2020 a shroichfidh 50 % in 2024 sciar 51,6 % ar a laghad a bhaint amach in 2025 (méadú bliantúil iomlán sna blianta go dtí 2024, agus ansin leathmhéadú bliantúil: 48 + 4 * 0,8 + 1 * 0,4) agus 54,35 % ar a laghad in 2030 (méadú leathbhliantúil thar an dara tréimhse: 51,2 + 5 * 0,55).

4. Ní mór do Bhallstát ag a bhfuil sciar 48 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú in 2020 agus a laghdaítear ag pointe amháin le linn na tréimhse an meánmhéadú bliantúil a sholáthar fós thar na cúig bliana, agus 2020 mar bhliain tagartha.

5. Ní mór do Bhallstát ag a bhfuil sciar 52 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú in 2020 sciar 54 % ar a laghad a bhaint amach in 2025 (méadú leathbhliantúil thar an tréimhse iomlán: 52 + 5 * 0,4) agus 56,75 % ar a laghad in 2030 (méadú leathbhliantúil thar an dara tréimhse ama).

6. Ní mór do Bhallstát ag a bhfuil sciar 52 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú in 2020 a laghdaítear faoi bhun 50 % in 2022 an meánmhéadú bliantúil a sholáthar thar na 5 bliana, agus 2020 mar bhliain tagartha.

7. Meastar go gcomhlíonann Ballstát a mhéadú sainordaitheach a luaithe a shroichfidh sé sciar 60 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú agus fad a fhanann sé os cionn 60 %.

	2020	2021	2022	2023	2024	**2025**	2026	2027	2028	2029	**2030**
1	**20**	20,8	21,6	22,4	23,2	**24**	25,1	26,2	27,3	28,4	**29,5**
2	**48**	48,8	49,6	50,4	50,8	**51,2**	51,75	52,3	52,85	53,4	**53,95**
3	**48**	45	47	49	51	**51,6**	52,15	52,7	53,25	53,8	**54,35**
4	**48**	45	48	50	50,5	**51,2**	51,75	52,3	52,85	53,4	**53,95**
5	**52**	52,4	52,8	53,2	53,6	**54**	54,55	55,1	55,65	56,2	**56,75**
6	**52**	51	49	49	50	**54**	54,55	55,1	55,65	56,2	**56,75**
7	**61**	comhlíonta má fhanann sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite os cionn 60 %					comhlíonta má fhanann sciar d'fhuinneamh in-athnuaite os cionn 60 %				

Is iad na luachanna le haghaidh 2025 agus 2030 an tagairt lena suitear ar baineadh amach an meánmhéadú thar gach tréimhse ama.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach díolúintí ón meánmhéadú sainordaitheach bliantúil iad na tairseacha 50 % agus 60 %, ach solúbthachtaí a tugadh isteach le haghaidh na mBallstát a bhaineann sciar ard fuinnimh in-athnuaite amach in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, rud a fhágann gur féidir leo na sciartha arda sin a áireamh mar chomhlíonadh páirteach nó iomlán an mhéadaithe shainordaithigh.

Sa bhreis ar an méadú sainordaitheach, ceanglaítear leis an tríú fomhír d'Airteagal 23(1) ar na Ballstáit féachaint lena sciar d'fhuinneamh in-athnuaite i dtéamh agus i bhfuarú a mhéadú faoi mhéaduithe táscacha breise ar phointe céatadáin (nó 'breisithe') a liostaítear i dtábla Iarscríbhinn Ia a ghabhann leis an Treoir athbhreithnithe.

3.4. *Solúbthachtaí maidir le dramhtheas agus dramhfhuacht agus leictreachas in-athnuaite*

Foráiltear le hAirteagal 23(1) solúbthachtaí chun an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, a leagtar amach sa chéad fhomhír, a mhéadú. Go háirithe, le hAirteagal 23(1), an dara fomhír, ceadaítear do na Ballstáit dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh faoi chomhair na meánmhéaduithe bliantúla ceangailteacha atá le baint amach le linn an dá thréimhse, agus le hAirteagal 23(1), an ceathrú mír ceadaítear do na Ballstáit leictreachas in-athnuaite a úsáidtear i ngineadóirí teasa agus fuachta ag a bhfuil éifeachtúlacht níos airde ná 100 %, i.e. teaschaidéil, a áireamh chun críocha cuntasaíochta den sórt sin ([8]).

Leis an RED athbhreithnithe, tugtar isteach dhá phríomhghné nua i gcomparáid le REDII: laghdaíodh an t-uasmhéid dramhtheasa agus dramhfhuachta is féidir a áireamh mar chuid den mheánmhéadú bliantúil agus cuireadh an rogha leis leictreachas in-athnuaite, a úsáidtear le haghaidh téimh agus fuaraithe, a áireamh. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gceadaítear na solúbthachtaí sin agus an sciar in-athnuaite d'earnáil an téimh agus an fhuaraithe á ríomh mar atá beartaithe in Airteagal 7 agus, dá bhrí sin, nach féidir leo rannchuidiú le sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le foinsí in-athnuaite in Airteagal 3.

Féadfar dramhtheas agus dramhfhuacht agus leictreachas in-athnuaite araon a áireamh sa mheánmhéadú bliantúil go huasmhéid ar leithligh de 0,4 pointe céatadáin do dhramhtheas agus dramhfhuacht agus 0,4 pointe céatadáin do leictreachas in-athnuaite. Sa chás sin, ba cheart an sprioc a mhéadú faoi leath de gach méid dramhtheasa agus dramhfhuachta agus/nó leictreachais in-athnuaite a bhí san áireamh, go huasteorainn 1,0 pointe céatadáin le haghaidh na mblianta 2021 go 2025 agus 1,3 pointe céatadáin le haghaidh na mblianta 2026 go 2030. Ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil feidhm ag na solúbthachtaí sin maidir leis na méaduithe táscacha breise ar phointe céatadáin a liostaítear in Iarscríbhinn Ia. Tá sampla ar fáil i mBosca 3 thíos.

Bosca 3. Samplaí d'oiriúnuithe ar na spriocanna nuair a úsáidtear solúbthachtaí.

Mar shampla, beidh ar Bhallstát a bhfuil sciar d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite 10 % aige i dtéamh agus i bhfuarú in 2020 meánmhéadú bliantúil 0,8 pointe céatadáin a bhaint amach agus 14 % a bhaint amach faoi 2025 má roghnaíonn siad gan an sprioc a bhaint amach ach le fuinneamh in-athnuaite amháin.


Má roghnaíonn an Ballstát sin cuid den sprioc a bhaint amach trí dhramhtheas agus dramhfhuacht agus leictreachas in-athnuaite a áireamh, agus más ionann iad agus 0,2 pointe céatadáin de dhramhtheas agus dramhfhuacht agus 0,1 pointe céatadáin leictreachais (0,3 pc san iomlán), ní thagann ach méadú leath an mhéid sin (0,15 pc) ar a ranníocaíocht i dtreo an mhéadaithe bhliantúil — i.e. sroicheann an meánmhéadú bliantúil is gá 0,95 pc (agus dá bhrí sin ba cheart don Bhallstát 14,75 % a bhaint amach faoi 2025), mar a léirítear i bhFíor 1.

Ós rud é gurb é 1,0 pointe céatadáin an uasteorainn don tréimhse 2021 go 2025, ní bheidh méaduithe ar an meánmhéadú bliantúil is gá mar thoradh ar mhéideanna níos airde dramhtheasa agus dramhfhuachta agus leictreachais in-athnuaite a chur san áireamh, mar a léirítear i bhFíor 2. Tá sé sin cosúil leis an tréimhse 2026 go 2030 (uasteorainn 1,3 pointe céatadáin).

([8]) Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ionann dramhtheas agus leictreachas in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus i bhfuarú agus fuinneamh in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus i bhfuarú chun críocha Airteagal 23 agus Airteagal 7 de RED agus, dá bhrí sin, nach féidir leo rannchuidiú le sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh in Airteagal 3.


Físr 1

Sampla d'úsáid na solúbthachtaí le haghaidh dramhtheas agus dramhfhuacht agus/nó leictreachas in-athnuaite le haghaidh 0,3 pointe céatadáin san iomlán.



Físr 2

Sampla den úsáid uasta a bhaintear as na solúbthachtaí maidir le dramhtheas agus dramhfhuacht (0,4 pc) agus leictreachas in-athnuaite (0,4 pc)



Má chinneann na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhféidearthacht leictreachas in-athnuaite a úsáidtear do théamh agus d'fhuarú a áireamh sa mheánmhéadú bliantúil i mír 1, ní mór na breithnithe seo a leanas a chur san áireamh.

Leagtar síos an sprioc fhoriomlán maidir le fuinneamh in-athnuaite in Airteagal 3. Mínítear in Airteagal 7 gur cheart sciar an fhuinnimh in-athnuaite a ríomh mar shuim an leictreachais in-athnuaite, an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe agus an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an iompair. Luaitear in Airteagal 7(3) go bhféadfar an fuinneamh comhthimpeallach agus geoiteirmeach a úsáidtear le haghaidh téimh agus fuaraithe trí bhíthin teaschaidéal a chur san áireamh mar fhuinneamh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe. Tagraítear d'Iarscríbhinn VII ina leagtar síos ceanglais shonracha maidir leis na teaschaidéil atá incháilithe chun an fuinneamh sin a chomhaireamh i gcomparáid leis na spriocanna foriomlána agus téimh agus fuaraithe (teaschaidéil os cionn leibhéal éifeachtúlachta áirithe, arna ríomh ar bhonn fachtóir feidhmíochta séasúrach (SPF) > 1,15 * 1/η). Luaitear in Airteagal 23(1), an chéad fhomhír, gur cheart sciar an fhuinnimh in-athnuaite sa téamh agus san fhuarú a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 7. Dá bhrí sin, ní fhéadfar ach an codán comhthimpeallach nó geoiteirmeach a úsáidtear i dteaschaidéil den sórt sin a áireamh *go hiomlán* i dtreo an mheánmhéadaithe bhliantúil.

Le hAirteagal 23(1), an ceathrú fomhír, ceadaítear áireamh *páirteach* an leictreachais in-athnuaite a úsáidtear i ngineadóirí teasa agus fuachta a bhfuil éifeachtúlacht os cionn 100 % acu, i dtreo an mheánmhéadaithe bhliantúil. Sa chleachtas, comhfhreagraíonn na gineadóirí teasa agus fuachta sin do theaschaidéil. Is féidir an tsolúbthacht sin le haghaidh leictreachas in-athnuaite a úsáidtear i dteaschaidéil a mheas mar sholúbthacht atá comhlántach leis an bhforáil chuntasaíochta maidir le teas comhthimpeallach agus geoiteirmeach a úsáidtear i dteaschaidéil in Airteagal 7(3). Mar sin féin, tá an tsolúbthacht sin bunaithe ar raon feidhme atá beagán difriúil ón gceanglas foriomlán, agus ceanglas nach bhfuil chomh dian ar a bhfuil teaschaidéil incháilithe (éifeachtúlacht os cionn 100 % in ionad SPF > 1,15 * 1/η in Iarscríbhinn VII).

Dá bhrí sin, de réir Airteagal 23(1), tá dhá mhodh cuntasaíochta ar leith ann le haghaidh na sreafaí fuinnimh a bhaineann le téamh agus fuarú trí theaschaidéil. D'fhéadfadh neamhréireacht staidrimh agus ualach riaracháin breise a bheith mar thoradh ar cheanglas tuairiscithe ar leithligh a bhunú don dá chineál éagsúla teaschaidéil incháilithe, sa chleachtas. Tá an tríú modh cuntasaíochta a bhaineann le teaschaidéil le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ann fiú, modh a bhfuil feidhm aige maidir le líonraí éifeachtúla le haghaidh téamh ceantair mar a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir Athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. Ba cheart a bheith cúramach nach measctar na modhanna cuntasaíochta éagsúla le chéile. Moltar do na Ballstáit, dá bhrí sin, úsáid a bhaint as an modheolaíocht a shainítear faoi Iarscríbhinn VII (SPF > 1,15 * 1/η) chun na sreafaí fuinnimh uile a bhaineann le téamh trí theaschaidéil a chinneadh chun críche an Airteagal 23 sin.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gcomhlíonann coirí leictreacha, a bhfuil éifeachtúlacht níos ísle ná 100 % acu, aon cheann de na critéir a thuairiscítear thuas maidir leis an gineadóir teasa. Dá bhrí sin, ní fhéadfar an leictreachas a úsáidtear i gcoirí leictreacha a áireamh sa mheánmhéadú bliantúil toisc nach gcomhlíonann siad na ceanglais. Déantar úsáid leictreachais in-athnuaite a dhreasú ar bhealaí eile tríd an Treoir, go háirithe in Airteagal 3 trí rannchuidiú le sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le foinsí in-athnuaite ach freisin in Airteagal 24 i gcás ina bhféadfar é a chur san áireamh sa mheánmhéadú bliantúil mar sholúbthacht. Féach Table 3 thíos chun forléargas gairid a fháil ar na modhanna cuntasaíochta éagsúla thar na hAirteagail iolracha i RED athbhreithnithe agus sa Treoir Athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh.

Tábla 3

Cineálacha éagsúla sreafa fuinnimh a bhaineann le téamh leictreach a fhéadfar a chur san áireamh ar fud na nAirteagal.

Teicneolaíocht téimh	Airteagal 15a	Airteagal 22a	Airteagal 23	Airteagal 24
Teaschaidéil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII	Ionchur comhthimpeallach agus geoiteirmeach	Ionchur comhthimpeallach agus geoiteirmeach	Ionchur comhthimpeallach agus geoiteirmeach	Ionchur comhthimpeallach agus geoiteirmeach
Gineadóirí teasa agus fuachta a bhfuil éifeachtúlacht > 100 % acu	Ionchur an leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite	Ionchur an leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite	Ionchur an leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite (*)	Ionchur an leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite
R-choirí	Ionchur an leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite	Ionchur an leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite	X	Ionchur an leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite'

(*) Níl feidhm aige ach amháin maidir le solúbthacht, ní leis an bpríomhsprioc

4. **Cuntas a thabhairt ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in Airteagal 24**

4.1. *Forléargas ginearálta ar Airteagal 24*

Áirítear in Airteagal 24 de RED athbhreithnithe na hoibleagáidí agus na bearta seo a leanas:

— Tá oibleagáid i mír 1 faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le feidhmíocht fuinnimh agus sciartha in-athnuaite i gcórais téimh ceantair ar bhealach atá inrochtana go héasca.

— Le mír 2 ceanglaítear ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun ceart na gcustaiméirí dícheangal ó chóras neamhéifeachtúil téimh agus fuaraithe ceantair a áirithiú, agus tugtar tuilleadh sonraí i mír 7 maidir leis na cineálacha custaiméirí a d'fhéadfadh na cearta sin a fheidhmiú. Le mír 3 ceadaítear do na Ballstáit teorainn a chur leis an gceart chun dícheangail faoi choinníollacha áirithe.

— Leagtar síos i mír 4 sprioc tháscach maidir le fuinneamh in-athnuaite agus dramhtheas agus dramhfhuacht atá le baint amach ag na Ballstáit in earnáil an téimh agus an fhuaraithe ceantair faoi 2030, i dtéarmaí olltomhaltas deiridh fuinnimh. Ina theannta sin, luaitear ann conas is féidir leictreachas in-athnuaite a chur san áireamh i dtreo na sprice sin.

— Tá rialacha ríomha i mír 4a maidir leis an sciar den leictreachas in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ceantair. Cuirtear ar chumas na mBallstát leis freisin an sprioc tháscach dá dtagraítear i mír 4 a chomhlíonadh (go páirteach nó go hiomlán, ag brath ar leibhéal an fhuinnimh in-athnuaite agus ar leibhéal an dramhtheasa agus an dramhfhuachta).

— Is é is aidhm do mhír 4b nascadh soláthróirí tríú páirtí fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht le córais téimh nó fuaraithe ceantair a spreagadh agus sainítear i mír 5 na cásanna ina bhféadfar nasc den sórt sin a dhiúltú.

— Iarrtar i mír 6 go gcuirfí creat comhordúcháin i bhfeidhm, i gcás inar gá, chun idirphlé a áirithiú idir na páirtithe leasmhara ábhartha a mhéid a bhaineann le húsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta.

— Iarrtar i mír 8 creat ina ndéanfar measúnú ar an acmhainneacht maidir le cothromú agus seirbhísí córais i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair. Thairis sin, luaitear ann nach mór d'oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin leictreachais (OCT agus OCD) aird a thabhairt ar na torthaí ina bpleanáil eangaí, ina n-infheistíochtaí eangaí agus ina bhforbairtí bonneagair. Luaitear ann freisin nach mór d'oibreoirí córais DHC a bheith in ann páirt a ghlacadh sa mhargadh leictreachais le seirbhísí solúbthachta agus ceadaítear do na Ballstáit an measúnú a luaitear sa mhír seo a leathnú chuig OCTanna gáis agus OCDanna.

— Le mír 9 cosnaítear cearta tomhaltóirí.

— Leagtar síos i mír 10 na coinníollacha, ar fúthu nach gá do na Ballstáit míreanna 2 go 9 a chur i bhfeidhm.

4.2. *Eilimintí nua d'Airteagal 24*

Le RED athbhreithnithe, tugtar isteach na modhnuithe tábhachtacha seo a leanas:

— Ceanglaítear ar na Ballstáit anois (i) iarracht a dhéanamh sciar an fhuinnimh in-athnuaite agus sciar an dramhtheasa agus an dramhfhuachta san earnáil téimh agus fuaraithe ceantair a mhéadú agus (ii) a spreagadh go gceanglóidh oibreoirí na gcóras téimh agus fuaraithe ceantair soláthróirí fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus ó dhramhfhuacht nó go dtairgfidh siad teas nó fuacht a nascadh agus a cheannach ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus ó dhramhfhuacht ó sholáthróirí tríú páirtí. Faoi REDII d'fhéadfaidís rogha (i) a roghnú nó oibleagáid a chur ar oibreoirí (seachas oibreoirí a spreagadh) maidir leis an méid a dtugtar tuairisc air i bpointe (ii).

— Ceanglaítear ar na Ballstáit creat a bhunú le haghaidh comhar idir oibreoirí córas dáileacháin leictreachais (OCDanna) agus oibreoirí córas téimh agus fuaraithe ceantair chun a áirithiú go ndéanfar measúnú ar an gcaoi ar féidir leis na hoibreoirí sin is deireanaí atá luaite, seirbhísí córais a sholáthar.

4.3. *Meánmhéadú bliantúil táscach*

Ceanglaítear le hAirteagal 24(4) ar na Ballstáit féachaint lena sciar d'fhuinneamh in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht ina n-earnáil téimh agus fuaraithe ceantair a mhéadú. Leagtar síos leis an bhforáil sin sprioc tháscach maidir le fuinneamh in-athnuaite agus dramhtheas agus dramhfhuacht d'earnáil an téimh agus an fhuaraithe ceantair. Mar a mhínítear i roinn 4.1, níl an méadú táscach sin roghnach a thuilleadh do na Ballstáit, a bhfuil oibleagáid orthu iarrachtaí a dhéanamh an sciar táscach sin a bhaint amach ina n-earnálacha téimh agus fuaraithe ceantair.

Tá ailtireacht na sprice táscaí sin cosúil leis an sprioc téimh agus fuaraithe a leagtar síos in Airteagal 23, a mhínítear i roinn 3.3, agus na príomhdhifríochtaí gur cuid den sprioc iad dramhtheas agus leictreachas in-athnuaite.

I gcás téamh agus fuarú ceantair, le RED athbhreithnithe méadaíodh an méadú táscach go 2,2 pointe céatadáin (1,0 pointe céatadáin faoi RED II) mar mheán bliantúil arna ríomh le haghaidh na tréimhse 2021 go 2030 (seachas dhá thréimhse i gcás Airteagal 23), ag tosú ó sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht i dtéamh agus fuarú ceantair in 2020. Ba cheart na luachanna a thuairiscítear i staidreamh an Aontais do Eurostat a úsáid le haghaidh na bliana tagartha sin. Níor ceanglaíodh ar na Ballstáit, áfach, luachanna le haghaidh tomhaltas dramhtheasa i bhfo-earnálacha éagsúla a chur isteach in 2020 nuair a bhí Treoir 2009 maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED I) ([9]) i bhfeidhm, ná níor ceanglaíodh orthu sciartha d'fhuinneamh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú ceantair a chur isteach. Dá bhrí sin, níl luachanna tagartha 2020 is gá i staidreamh Eurostat le haghaidh na mBallstát uile (thíolaic roinnt Ballstát na luachanna sin gan ceanglas a bheith ann). Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a sciar d'fhuinneamh in-athnuaite ina dtéamh agus fuarú ceantair agus a dtomhaltas dramhtheasa agus dramhfhuachta laistigh de théamh ceantair in 2020 a léiriú. Éascófar an tuairisciú sin le huirlis SHARES, mar a luaitear i mBosca 1. Mura gcuireann siad isteach a sciar d'fhuinneamh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe ceantair in 2020, ní mór luachanna réamhshocraithe a úsáid mar ionadú. Tá na luachanna sin bunaithe ar an sciar in-athnuaite de theas díorthaithe mar a tuairiscíodh go stairiúil do Eurostat. Cuirtear i láthair na luachanna tagartha réamhshocraithe do 2020 mar thoradh air sin in Annex B. I gcás roinnt Ballstát, d'fhéadfadh an difríocht idir na luachanna réamhshocraithe ionadacha agus an sciar iarbhír d'fhuinneamh in-athnuaite agus de dhramhtheas in DHC mar a thuairiscítear a bheith suntasach. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtíolacfadh na Ballstáit uile a luachanna. Mura soláthraíonn na Ballstáit a leibhéal tomhaltais dramhtheasa agus dramhfhuachta le haghaidh 2020, d'fhéadfaí an luach don chéad bhliain eile atá ar fáil a ghlacadh mar thagairt ([10]). Ba cheart go mbeadh na luachanna comhionann leis na luachanna a thuairiscítear sa mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 23(1b), ar cheart iad a bheith mar chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999. Ba cheart comhsheasmhacht a áirithiú le linn na spriocthréimhse: mura bhfuil na sonraí iomlána ag Ballstát ag tús na spriocthréimhse ach go bhfuil sé in ann iad a sholáthar ag céim níos déanaí, ba cheart raon feidhme an chéad tacair sonraí tuairiscithe a oiriúnú chun méaduithe nó laghduithe ar bhonn staidrimh amháin a sheachaint.

Cosúil le hAirteagal 23, foráiltear le hAirteagal 24 freisin solúbthacht do na Ballstáit a bhaineann leibhéil shuntasacha fuinnimh in-athnuaite agus dramhtheasa agus dramhfhuachta amach ina n-earnáil téimh agus fuaraithe ceantair. Na Ballstáit a bhaineann amach sciar níos airde ná 60 % d'fhuinneamh in-athnuaite agus de dhramhtheas agus dramhfhuacht ina dtéamh agus fuarú ceantair, meastar go gcomhlíonann siad an meánardú bliantúil táscach. Nuair a bhíonn an sciar sin idir 50 % agus 60 %, is féidir leis na Ballstáit an sciar sin a áireamh mar chomhlíonadh ar leath an mheánmhéadaithe bhliantúil.

Déantar foráil in Airteagal 24, áfach, maidir le díolúintí chun an meánmhéadú bliantúil táscach a chomhlíonadh. Níor modhnaíodh gnéithe substainteacha na ndíolúintí sin le RED athbhreithnithe ach tugadh isteach roinnt beachtas. Tá na Ballstáit díolmhaithe más rud é:

— Go raibh a sciar de théamh agus fuarú ceantair i dtéamh agus fuarú iomlán cothrom le 2 % nó níos ísle ná sin in 2018 ([11]). Soiléirítear sa Treoir athbhreithnithe gur cheart é sin a ríomh i dtéarmaí olltomhaltas deiridh fuinnimh.

— Sáraítear an tairseach 2 % sin trí théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil a úsáid.

— Tarlaíonn 90 % den olltomhaltas deiridh fuinnimh i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair a chomhlíonann an sainmhíniú a leagtar síos in Airteagal 26 den Treoir Athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh.

I gcomparáid le hAirteagal 23, is cuid den sprioc in Airteagal 24 iad dramhtheas agus dramhfhuacht agus leictreachas in-athnuaite agus, dá bhrí sin, ní féidir iad a mheas mar sholúbthacht. Ní féidir ach leictreachas in-athnuaite ó chineálacha áirithe gineadóirí teasa agus fuachta a chur san áireamh in Airteagal 23, ach ní leagtar síos aon cheanglas sonrach le hAirteagal 24(4) maidir leis an gcineál gineadóra teasa agus fuachta incháilithe agus, dá bhrí sin, féadfaidh an leictreachas in-athnuaite a úsáidtear in aon chineál teaschaidéil nó coire leictrigh rannchuidiú i bprionsabal. Mar a luaitear i roinn 3.4, áfach, d'fhéadfadh neamhréireacht staidrimh agus ualach riaracháin breise a bheith mar thoradh ar cheanglais agus critéir tuairiscithe éagsúla a úsáid. Moltar do na Ballstáit, dá bhrí sin, úsáid a bhaint as an modheolaíocht a shainmhínítear faoi Iarscríbhinn VII chun na gineadóirí incháilithe teasa agus fuachta a chinneadh chun críche an Airteagail 24 sin.

Ní mór do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoin rún atá acu an leictreachas in-athnuaite a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ceantair a áireamh sa mhéadú bliantúil táscach a leagtar síos in Airteagal 24(4). Má chinneann na Ballstáit an fhéidearthacht sin a úsáid, ní mór dóibh úsáid a bhaint as meánsciar an leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear ar a gcríoch sa 2 bhliain roimhe sin trí úsáid a bhaint as staidreamh an Aontais.

([9]) Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus a úsáid, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE (IO L 140, 5.6.2009, lch. 16).

([10]) Tá tuairisc tugtha ag roinnt Ballstát ar an luach sin in uirlis SHARES ó 2021 ar aghaidh. Glacfar leis an luach sin, nó an chéad luach eile atá ar fáil, mar thagairt do 2020.

([11]) Luaitear 'an 24 Nollaig 2018' sa Treoir ach ba cheart é sin a léamh mar a in 2018 go dtí an 24 Nollaig. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, féadfar 2018 ina iomláine a roghnú freisin.

5. **Cuntas a thabhairt ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in Airteagal 15a**

5.1. *Forléargas ginearálta ar Airteagal 15a*

Áirítear i RED athbhreithnithe Airteagal 15a nua arb é is aidhm leis a áirithiú go ndéanfar íosleibhéil foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú i bhfoirgnimh, an earnáil ídithe fuinnimh is mó san Aontas (sciar 40 % ó thaobh tomhaltas deiridh fuinnimh de in 2022) ([12]). Áirítear in Airteagal 15a de RED athbhreithnithe na hoibleagáidí agus na bearta nua seo a leanas:

— I mír 1, iarrtar ar na Ballstáit sprioc a chinneadh in earnáil na bhfoirgneamh faoi 2030 maidir leis an méid seo a leanas:

  — fuinneamh in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair,

  — fuinneamh in-athnuaite a tháirgtear in aice láimhe, agus

  — fuinneamh in-athnuaite a thógtar ón eangach.

— Ba cheart an sprioc a shainiú i dtéarmaí ídiú fuinnimh deiridh agus i gcomhréir le sciar an Aontais de 49 %. Ceanglaítear le mír 1 freisin ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu an sprioc sin a bhaint amach.

— Léirítear i mír 2 go bhféadfaidh na Ballstáit solúbthachtaí a chur i bhfeidhm maidir le dramhtheas agus dramhfhuacht.

— Ceanglaítear le mír 3 go dtabharfar bearta isteach in earnáil na foirgníochta chun sciar na nithe seo a leanas a mhéadú:

  — leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair,

  — leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite arna tháirgeadh in aice láimhe,

  — téamh agus fuarú ó fhoinsí in-athnuaite arna dtáirgeadh ar an láthair,

  — téamh agus fuarú ó fhoinsí in-athnuaite arna dtáirgeadh in aice láimhe, agus

  — fuinneamh in-athnuaite a thógtar ón eangach.

— Ceanglaítear le mír 3 freisin ar na Ballstáit a áireamh ina rialacháin náisiúnta agus ina gcóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta nó ar mhodhanna eile a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu, i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh atá ann cheana a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu nó a bhfuil an córas téimh á athnuachan acu, úsáid íosleibhéal na nithe seo a leanas:

  — fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair,

  — fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgtear in aice láimhe, agus

  — fuinneamh in-athnuaite a thógtar ón eangach.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, de réir Airteagal 2(1), gur téarmaí chomhchiallacha iad 'fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite' agus 'fuinneamh in-athnuaite'. Dá bhrí sin, tagraíonn na tacair foinsí in-athnuaite fuinnimh a luaitear i míreanna 1 agus 3 i bprionsabal don chineál céanna foinse fuinnimh.

5.2. *Sciar náisiúnta táscach*

Tugtar isteach le hAirteagal 15a sprioc tháscach shonrach 49 % ar a laghad maidir le tomhaltas fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh atá le baint amach san Aontas faoi 2030. Is é is aidhm don sprioc tháscach nó don tagarmharc sin reachtaíocht ábhartha an Aontais is infheidhme maidir le hearnáil na foirgníochta a chomhlánú ([13]) agus treoir a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát stoc foirgneamh an Aontais a dhícharbónú.

([12]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/bookmark/53d8320f-34d1-4780-a135-6b1d390d581c?lang=en.
([13]) go háirithe an Treoir maidir le FFF, Éicidhearthóireacht, Lipéadú fuinnimh.

Chun an tagarmharc táscach sin a shocraítear ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sciartha náisiúnta táscacha d'fhuinneamh in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair nó in aice láimhe chomh maith le fuinneamh in-athnuaite a thógtar ón eangach atá le baint amach san ídiú fuinnimh deiridh ina n-earnáil tógála in 2030, a chinneadh. Ní mór go mbeadh na sciartha táscacha náisiúnta sin comhsheasmhach, agus rannchuidiú leis an sprioc tháscach fhoriomlán 49 % d'fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, agus san áireamh sna PNFAnna. Soláthrófar le huirlis SHARES faisnéis níos mionsonraithe maidir leis na gnéithe sonracha sna comharduithe fuinnimh a rannchuidíonn leis an sciar náisiúnta táscach, mar a luaitear i mBosca 1.

Chun cuidiú leis na Ballstáit a sciar náisiúnta táscach a chinneadh, measann an Coimisiún go bhféadfaí an méadú coibhneasta ar leibhéal an Aontais a ghlacadh mar thagarmharc. Is ionann an sprioc 49 % ar leibhéal an Aontais agus méadú 19,75 pointe céatadáin i gcomparáid le sciar 2020 de 29,3 %. Léirítear sa tábla in Iarscríbhinn C scaireanna in aghaidh an Bhallstáit agus don Aontas in 2020 bunaithe ar sheachshonraí a tuairiscíodh do Eurostat, ar féidir leo a bheith ina dtúsphointe don ríomh. Déantar na luachanna sin a ríomh bunaithe ar Rialachán (CE) 1099/2008 maidir le staidreamh fuinnimh agus an sciar den leictreachas in-athnuaite a thuairiscítear in SHARES, agus úsáid á baint as meán na mblianta 2018 agus 2019. I gcás teasa, áfach, baineadh úsáid as meán náisiúnta na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh in olltáirgeadh teasa in 2020. Léirítear sa tríú colún den tábla in Iarscríbhinn C an leibhéal comhfhreagrach do gach Ballstát agus an méadú céanna á chur i bhfeidhm acu leis an méadú ar fud an Aontais i dtéarmaí pointí céatadáin (19,75 pointe céatadáin).

5.3. *Raon feidhme na sprice*

D'fhonn sciar an fhuinnimh in-athnuaite 'ar an láthair nó in aice láimhe agus a bhaintear as an eangach' a chinneadh, tá sé fíor-riachtanach comhleanúnachas a áirithiú leis an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (an Treoir maidir le FFF), lena soláthraítear sainmhínithe ábhartha le haghaidh 'ar an láthair' agus 'in aice láimhe' in Airteagal 2(54) agus in Airteagal 2(55) faoi seach. Ní thugtar sainmhíniú ábhartha ar fhuinneamh in-athnuaite a thógtar 'ón eangach' ([14]).

Chun críocha Airteagal 15a de RED athbhreithnithe, is féidir leis na Ballstáit an fuinneamh in-athnuaite uile a tháirgtear ar an láthair agus in aice láimhe a áireamh i gcomhréir le sainmhínithe na Treorach maidir le FFF, sa bhreis ar an bhfuinneamh in-athnuaite uile (le haghaidh leictreachais, téimh agus fuaraithe agus gáis) a bhaintear as an eangach. Áirítear sa chodán leictreachais an fuinneamh uile a úsáidtear le haghaidh fearas, pointí athluchtaithe, etc. Chun críocha na Treorach maidir le FFF, ní fhéadfar ach fuinneamh a úsáidtear le haghaidh úsáidí feidhmíochta fuinnimh a chur san áireamh (e.g. téamh, fuarú, aerchóiriú, etc.). Mura bhfuil luachanna sonracha ar fáil maidir le téamh agus fuarú, leictreachas agus gás, úsáidfidh an Coimisiún na sciartha d'fhuinneamh in-athnuaite sa leictreachas, sciartha d'fhuinneamh in-athnuaite i dtéamh agus fuarú ceantair agus sciartha d'fhuinneamh in-athnuaite san eangach gháis chun luachanna réamhshocraithe a chinneadh maidir le fuinneamh in-athnuaite a thógtar ón eangach in aghaidh an Bhallstáit.

Chun na sciartha sin a ríomh, ba cheart cur chuige atá cosúil leis an gcur chuige a úsáidtear in Airteagail 23 agus 24 a úsáid (meánsciar d'fhuinneamh in-athnuaite i meascán leictreachais nó gáis nó soláthar téimh ceantair sa 2 bhliain roimhe sin).

Féadfaidh na Ballstáit meastacháin níos cruinne a sholáthar, mar shampla chun idirdhealú a dhéanamh idir féintomhaltas i bhfoirgnimh agus sciar foriomlán an leictreachais in-athnuaite san eangach. Ba cheart na sonraí comhfhreagracha a sholáthar do Eurostat agus déanfar iad a chomhtháthú san uirlis SHARES.

5.4. *Solúbthacht maidir le dramhtheas agus dramhfhuacht*

Ar an gcaoi chéanna le hAirteagal 23, le mír 2 d'Airteagal 15a, ceadaítear do na Ballstáit dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh ina sciar náisiúnta táscach, suas le teorainn 20 % den sciar sin. Más amhlaidh an cás, méadófar an sprioc faoi leath an chéatadáin a úsáidtear.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go socraítear an teorainn 20 % mar chéatadán seachas mar phointe céatadáin mar atá in Airteagal 23. Mar shampla, dá socródh Ballstát sprioc tháscach ag 50 %, cheadófaí dóibh 10 bpointe céatadáin (20 % de 50 %) de dhramhtheas agus de dhramhfhuacht a áireamh i dtreo na sprice sin. Thiocfadh méadú 5 phointe céatadáin ar an sprioc tháscach ansin áfach (leath an chéatadáin de dhramhtheas agus de dhramhfhuacht a chomhairtear i dtreo na sprice sin), rud a d'fhágfadh go mbeadh sciar náisiúnta táscach 55 % ann.

([14]) Ní shainítear teorainneacha sonracha leis an Treoir maidir le FFF, ní thugtar ach roinnt tásca i gcomhthéacs foirgneamh astaíochtaí nialasacha ina gcumhdaítear an úsáid fuinnimh phríomhúil bhliantúil iomlán le fuinneamh eile ón eangach i gcomhréir le critéir shonracha a leagtar síos ar an leibhéal náisiúnta (in Airteagal 11(7)). Ina theannta sin, sainmhínítear leis an Treoir maidir le FFF freisin an 'toisc fuinnimh phríomha in-athnuaite' mar thascaire a ríomhtar tríd an bhfuinneamh príomhúil ó fhoinsí in-athnuaite ó fhoinse fuinnimh ar an láthair, in aice láimhe nó i gcéin, a sheachadtar trí iompróir fuinnimh ar leith, lena n-áirítear an fuinneamh arna sheachadadh, agus forchostais fuinnimh ríofa an tseachadta ar na pointí úsáide, a roinnt ar an bhfuinneamh arna sheachadadh.

6. **Cuntas a thabhairt ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite in Airteagal 22a**

6.1. *Forléargas ginearálta ar Airteagal 22a*

Tá sé d'aidhm ag Airteagal 22a úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn in earnáil na tionsclaíochta. Chun é sin a dhéanamh, tugtar isteach le hAirteagal 22a sprioc tháscach don earnáil tionsclaíochta agus sprioc shainordaitheach BITN.

Is é is aidhm don doiciméad seo treoraíocht a thabhairt maidir leis na gnéithe téimh agus fuaraithe d'Airteagal 22a, is é sin an chéad trí fhomhír d'Airteagal 22a(1). Soiléirítear na gnéithe eile d'Airteagal 22a i dtreoirdhoiciméad ar leith ([15]).

Leagtar síos in Airteagal 22a(1) sprioc tháscach maidir le fuinneamh in-athnuaite atá le baint amach san earnáil tionsclaíochta thar dhá thréimhse i dtéarmaí ídiú fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh. Ina theannta sin, luaitear ann conas is féidir cuntas a thabhairt ar dhramhtheas agus ar dhramhfhuacht i leith na sprice, ar choinníoll go soláthraítear an dramhtheas ([16]) agus an dramhfhuacht ó théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil. Leis sin cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit freisin na beartais agus na bearta atá beartaithe agus a glacadh a chur san áireamh chun an méadú ar a PNFAnna agus ar a NECPRanna a bhaint amach.

6.2. *Sciar náisiúnta táscach*

Ní luaitear bliain tagartha in Airteagal 22a nua de RED athbhreithnithe, ach ar an gcaoi chéanna leis an gcur chuige a leantar in Airteagail 23 agus 24, ba cheart 2020 a ghlacadh mar bhliain tagartha don mhéadú. Ní raibh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a sciar d'fhuinneamh in-athnuaite sa tionsclaíocht a thuairisciú in 2020. Sa tábla i Annex D tugtar luachanna tagartha le haghaidh 2020 in aghaidh an Bhallstáit arna soláthar ag Eurostat agus úsáid á baint as na luachanna deiridh ídithe fuinnimh in-athnuaite chomh maith le luachanna ídithe leictreachais in-athnuaite agus gaile, atá bunaithe ar na sciartha in-athnuaite sa leictreachas agus i dtáirgeadh teasa a dhíoltar, faoi seach. Moltar do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar a luach tagartha do 2020. Díreach cosúil leis na spriocanna i dtéamh agus fuarú ceantair agus i bhfoirgnimh, le nuashonrú ar uirlis SHARES cuirfear ar a gcumas tuairisc a thabhairt ar shonraí le haghaidh earnáil an tionscail. Má roghnaíonn na Ballstáit gan tuairisc a thabhairt ar a luach tagartha, úsáidfear na luachanna a cuireadh i láthair in Annex D. Baineadh úsáid as an modheolaíocht chéanna agus a úsáideadh le haghaidh Airteagal 15a.

6.3. *Solúbthacht maidir le dramhtheas agus dramhfhuacht*

Tá an tsolúbthacht le haghaidh dramhtheas agus dramhfhuacht cosúil leis an tsolúbthacht in Airteagal 23, ach amháin nach bhféadfar ach dramhtheas agus dramhfhuacht arna soláthar ó théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil a chur san áireamh agus nach bhfuil aon uasteorainn ann agus ríomh á dhéanamh faoin méid nach mór an sprioc a mhéadú mar thoradh ar dhramhtheas a áireamh: ba cheart an sprioc a mhéadú faoi leath na bpointí céatadáin de dhramhtheas agus dramhfhuacht a chomhairtear.

Luaitear san Airteagal gur cheart dramhtheas ó líonraí 'i gcás nach n-ídítear an fuinneamh teirmeach go léir ach ar an láthair amháin agus i gcás nach ndíoltar an fuinneamh teirmeach' a eisiamh. Dírítear leis an bhforáil sin ar shuíomhanna tionsclaíocha ina bhfuil an iliomad foirgneamh ag fiontar aonair atá nasctha leis an líonra téimh ceantair céanna agus ina n-ídíonn sé a dhramhtheas féin. Mínítear é sin leis an abairt dheireanach d'aithris 70 leis an bhfoclaíocht '*Níor cheart é a bheith inghlactha dramhtheas a áireamh go sonrach sa tagarmharc fuinnimh in-athnuaite thionsclaíoch ach amháin a mhéid a bhaineann le dramhtheas nó dramhfhuacht arna sheachadadh trí oibreoir téimh agus fuaraithe ceantair ó láithreán eile nó foirgneamh tionsclaíoch eile, á áirithiú ar an gcaoi sin gurb é príomhghníomhaíocht oibreoirí den sórt sin teas nó fuacht a sholáthar agus go ndéantar idirdhealú soiléir idir an dramhtheas a áirítear agus an dramhtheas inmheánach arna aisghabháil laistigh den fhiontar céanna nó de na foirgnimh chéanna nó san fhiontar gaolmhar nó sna foirgnimh ghaolmhara*'. Baineann an t-eisiamh sin go sonrach leis an sprioc in Airteagal 22a.

Luaitear san Airteagal gur cheart dramhtheas ó 'líonraí nach soláthraíonn teas ach d'fhoirgneamh amháin' a eisiamh. Tá na líonraí sin eisiata cheana féin mar réamhshocrú, áfach, toisc go gceanglaítear leis an sainmhíniú ar 'téamh ceantair' in Airteagal 2(19) RED go ndáilfear fuinneamh teirmeach 'trí líonra ar roinnt foirgneamh nó suíomhanna'.

([15]) C(2024)5042.

([16]) Mar a shainmhínítear sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (AE) 2023/1791.

ANNEX A

Samplaí de nithe a cháilíonn mar dhramhtheas nó dramhfhuacht agus nithe nach gcáilíonn agus dathchódú á úsáid.

An teicneolaíocht	+	**Seachtháirge**	+	**Dosheachanta**	+	**Úsáid**
Giniúint cumhachta teirmí, comhghiniúint, loscadh dramhaíola		Teas a imíonn ón gcomhdhlúthadán le haghaidh gléasraí timthrialla iata agus gáis sceite le haghaidh gléasraí timthrialla oscailte. Léirítear nach é nach é an teas príomhaidhm an phróisis.		Cuireadh gach beart réasúnta EE chun feidhme, e.g., an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil nó gléasra cumhachta a thiontú go CTÉ		Seachadadh chuig córas téimh agus fuaraithe ceantair
		Príomhaidhm, e.g. teas comhghinte.		Bhí bearta costéifeachtúla éifeachtúlachta fuinnimh nó comhghiniúint indéanta ach níor cuireadh chun feidhme iad		A úsáidtear lasmuigh den láthair ach nach n-úsáidtear i gcóras téimh agus fuaraithe ceantair
Lucht tionscail						
Tionscail dianfhuinnimh (e.g. stroighin, cruach, alúmanam) Tionscail eile		Seachtháirgí ón bpróiseas nó ó théamh nó fuarú spáis		Gach athúsáid inmheánach réasúnta a úsáidtear ar théamh agus ar fhuarú. Moltar pinse-anailís a dhéanamh chun an dramhtheas agus an dramhfhuacht dosheachanta a shainaithint do thionscail dianfhuinnimh. D'fhéadfaí iniúchóir fuinnimh neamhspleách a úsáid do chuideachtaí nach bhfuil chomh dian ar fhuinneamh nó do chuideachtaí níos lú, ar lú an seans go ndíolfaidh siad teas le téamh agus fuarú ceantair ar aon nós.		Seachadadh chuig córas téimh agus fuaraithe ceantair
		Táirgeadh beartaithe — príomhaidhm		Déantar farasbarr teasa agus fuarú a athúsáidtear sa tionscal/ sa ghléasra a áireamh mar fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh, seachas dramhtheas agus dramhfhuacht.		-
Treasach						
Lárionaid sonraí, ollmhargaí, meitreo		Áirítear le seachtháirgí, farasbarr teasa ó ríomhairí lárionad sonraí, fuaraitheoirí, soilsiú		Cuireadh gach beart EE costéifeachtúil chun feidhme, e.g. teas a athúsáid ar an láthair, CPUanna a uasghrádú, soilsiú a uasghrádú.		Seachadadh chuig córas téimh agus fuaraithe ceantair
		Táirgeadh beartaithe — príomhaidhm		WHC inseachanta		A úsáidtear lasmuigh den láthair ach ní i DHC

Córais séarachais, fuíolluisce, mianach		Seachtháirgí ó *ghníomhaíochtaí eacnamaíocha* sa phróiseas táirgthe, e.g. gléasra cóireála fuíolluisce nó innealra mianadóireachta lena ngintear teas le linn na hoibríochta		Na bearta éifeachtúlachta fuinnimh cost-éifeachtúla uile a cuireadh chun feidhme. A shainaithnítear ag baint úsáid as pinse-anailís nó iniúchadh fuinnimh neamhspleách.		Seachadadh chuig córas téimh agus fuaraithe ceantair
		Meastar gur teas in-athnuaite seachas dramhtheas (fuinneamh comhthimpeallach) é teas ó *ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha* amhail líonraí séarachais nó mianaigh thréigthe.		Dramhtheas agus dramhfhuacht inseachanta, amhail feabhsuithe sainaitheanta éifeachtúlachta fuinnimh nár cuireadh chun feidhme.		A úsáidtear lasmuigh den láthair ach nach n-úsáidtear i gcóras téimh agus fuaraithe ceantair
Cónaitheach		-		-		-
Iompar		-		-		-

ANNEX B

Luachanna ionadacha réamhshocraithe le haghaidh téamh agus fuarú ceantair atá le húsáid mura gcuireann na Ballstáit luachanna stairiúla isteach – tá siad sin bunaithe ar sciartha fuinnimh in-athnuaite amháin.

Ballstát	Luach réamhshocraithe 2020 bunaithe ar theas díorthaithe, gan dramhtheas san áireamh
An Bheilg	9 %
An Bhulgáir	16 %
Poblacht na Seice	10 %
An Danmhairg	65 %
An Ghearmáin	19 %
An Eastóin	70 %
Éire	0 %
An Ghréig	0 %
An Spáinn	0 %
An Fhrainc	42 %
An Chróit	28 %
An Iodáil	18 %
An Chipir	100 %
An Laitvia	55 %
An Liotuáin	59 %
Lucsamburg	74 %
An Ungáir	15 %
Málta	0 %
An Ísiltír	20 %
An Ostair	52 %
An Pholainn	7 %
An Phortaingéil	0 %
An Rómáin	6 %
An tSlóivéin	20 %
An tSlóvaic	21 %
An Fhionlainn	47 %
An tSualainn	71 %

ANNEX C

Sciartha fuinnimh ó fhoinsí in - athnuaite in earnáil na bhfoirgneamh atá le húsáid mura gcuireann na Ballstáit luachanna 2020 isteach ([1]), agus sciar in 2030 bunaithe ar an méadú céanna a chur i bhfeidhm ar na sciartha sin agus a chuirtear i bhfeidhm ar an Aontas (ó 29,3 % in 2020 go 49 % in 2030, i.e. méadú 19,75 pointe céatadáin).

An Ballstát	2020 (EUROSTAT)	Sciar 2030 le méadú ar an ráta comhréidh (19,75 pointe céatadáin)
an Bheilg	11,4 %	31,2 %
an Bhulgáir	44,7 %	64,4 %
an tSeicia	28,2 %	48,0 %
an Danmhairg	60,2 %	80,0 %
an Ghearmáin	23,3 %	43,0 %
an Eastóin	56,2 %	75,9 %
Éire	15,4 %	35,1%
an Ghréig	34,9 %	54,6 %
an Spáinn	30,8 %	50,5 %
an Fhrainc	26,5 %	46,2 %
an Chróit	52,4 %	72,2 %
an Iodáil	28,1%	47,9 %
an Chipir	30,3 %	50,0 %
an Laitvia	57,9 %	77,7 %
an Liotuáin	48,2 %	67,9 %
Lucsamburg	13,8 %	33,5 %
an Ungáir	20,0 %	39,8 %
Málta	16,0 %	35,7 %
an Ísiltír	11,9 %	31,6 %
an Ostair	54,3 %	74,1%
an Pholainn	23,6 %	43,4 %
an Phortaingéil	56,5 %	76,3 %
an Rómáin	40,8 %	60,5 %
an tSlóivéin	45,6 %	65,4 %
an tSlóvaic	26,0 %	45,8 %
an Fhionlainn	51,5 %	71,2 %
an tSualainn	68,8 %	88,6 %
EU27	**29,3 %**	**49,0 % ’**

([1]) Ní áirítear sna sciartha sin féintomhaltas foinsí in-athnuaite fuinnimh, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le difríochtaí staidrimh.

ANNEX D

Sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na tionsclaíochta le húsáid mura gcuireann na Ballstáit luachanna 2020 isteach ([1]).

‘An Ballstát	2020 (EUROSTAT)
an Bheilg	7,8 %
an Bhulgáir	15,3 %
Poblacht na Seice	10,1%
an Danmhairg	29,9 %
an Ghearmáin	14,1%
an Eastóin	16,1%
Éire	16,6 %
an Ghréig	13,7 %
an Spáinn	16,7 %
an Fhrainc	11,2 %
an Chróit	12,2 %
an Iodáil	14,4 %
an Chipir	16,7 %
an Laitvia	57,6 %
an Liotuáin	13,0 %
Lucsamburg	6,2 %
an Ungáir	6,6 %
Málta	4,2 %
an Ísiltír	3,7 %
an Ostair	31,7 %
an Pholainn	12,8 %
an Phortaingéil	31,6 %
an Rómáin	12,4 %
an tSlóivéin	17,9 %
an tSlóvaic	11,9 %
an Fhionlainn	48,1%
an tSualainn	62,0 %
EU27	**16,7 %’**

([1]) Ní áirítear sna sciartha sin féintomhaltas foinsí in-athnuaite fuinnimh, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le difríochtaí staidrimh.